Dáta	Leibhéal ranga Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha	Ábhar Ceol

Snáithe Léiriú	Snáithaonad Tús na litearthachta. Seinm Uirlisí.

Teideal
Fuaimdhreach Aigéin a Chruthú ach Cnagadh Coirp a Úsáid.

Cuspóir(í)
Is é aidhm an phlean ceachta ná go gcuirfear ar chumas na leanaí uirlisí cnagadh coirp a sheinm, agus tuiscint á bhforbairt acu do bhuille, do ré, do luas, do thuinairde, do dhinimic, do chomhdhéanamh agus d'uigeacht.

Scileanna atá Riachtanach
Éisteacht, dianmhachnamh, scileanna luaileacha-smeach méar.

Cuspóirí foghlama

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh:

Úsáid a bhaint as uirlisí cnagadh coirp, as uirlisí simplí a rinneadh sa bhaile agus as uirlisí neamhthiúnta chun fuaimdhreach a chruthú a léireoidh "Sharing a Shell", an scéal le Julia Donaldson agus Alex Scheffler, nó scéal oiriúnach eile na mara.

Tuiscint a bheith acu ar choincheapa ceoil amhail: cuisle (buille cothrom); ré (fada / gearr, patrúin, rím); luas (tapa / mall), tuinairde (ard / íseal); dinimic (glórach / bog); comhdhéanamh (mar an gcéanna / difriúil); uigeacht (fuaim amháin / roinnt fuaimeanna).

Gníomhaíochtaí foghlama

Labhairt agus Plé:

Léigh agus pléigh "Sharing a Shell", an scéal le Julia Donaldson agus Alex Scheffler. Bunaigh an acmhainneacht agus na deiseanna atá ann chun fuaimdhreach a chruthú a léireoidh gluaiseacht na farraige – fuaim na gcloch duirlinge agus iad ag rolladh, fuaim na dtonnta agus iad ag sroicheadh an chladaigh, fuaim na stoirme, fuaim na gaoithe agus í ag glafarnach, fuaim na dtonnta agus iad ag bualadh a chéile, fuaim na bportán agus iad ag bogadh, agus fuaim na haimsire socra. Déanfaidh na leanaí iniúchadh ansin ar an acmhainneacht fuaime a bhaineann le huirlisí agus comhroinnfidh siad an méid atá faighte amach acu le chéile.

Cur Chuige Teagmhálach:
Téigh i mbun na nithe seo a leanas agus bain triail astu: bualadh bos, smeach méar, bualadh cos, cnagadh glún, smeach teanga agus cnagadh cliabhraigh chun aithris a dhéanamh ar rím nó í a thobchumadh.

	Grúpobair/ Obair i mBeirteanna/ Rang: Agus iad ag obair le chéile, cruthóidh na leanaí leagan ceoil den scéal. Is féidir leis na leanaí a gcuid ceoil a léiriú agus an fuaimdhreach a chur i láthair os comhair gach grúpa nó os comhair rang eile. *Tabhair faoi deara: is féidir scéal oiriúnach eile na mara a úsáid sa phlean ceachta seo mura bhfuil "Sharing a Shell" le Julia Donaldson agus Alex Scheffler ar fáil.*
	Acmhainní "Sharing a Shell" le Julia Donaldson agus Alex Scheffler. Cnaguirlisí neamhthiúnta.
Difreáil Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Ceisteanna ardoird agus ísealoird.	
Measúnú Aiseolas ó bhéal ó leanaí, breathnú ag an múinteoir, samplaí d'fheidhmíocht na ndaltaí.	
Nascadh agus Comhtháthú Béarla: Ceacht teanga scoite ó bhéal. Eolaíocht: Saol san Aigéan. Ealaín: Colláis/Péinteáil/Mionsamhail lánléargais.	